# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 43

## Oifig
## Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

## Réamhrá

Is rannán den Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe í Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais. Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam le haghaidh an mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus speansais Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana, agus

Dlitear barrachas de €2.095 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta

Cuireadh i bhfeidhm na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe amach i gciorclán 20 de 2024 nuair a bhí an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta de chuid an Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

### *Dímheas sócmhainní caipitil*

Déantar dímheas réadmhaoine , fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí amúchta agus dímheasa gaolmhara na móraicmí sócmhainní caipitil.

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré úsáideach* | *Ráta amúchta/dímheasa* |
|---|---|---|
| Trealamh oifige TF | 5 bliana | 20% |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% |
| Bogearraí faighte agus forbartha | 5 bliana | 20% |

## An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

### *Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.

Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú i gcónaí.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, airgeadais agus párolla.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann le comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- Bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- Tá córas bainistíochta riosca ag feidhmiú taobh istigh den Oifig
- Tá córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú ann
- Tá treoirlínte cuí rialaithe maidir le hinfheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Cinntíonn an Oifig go leagtar an bhéim chuí ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Slándáil sonraí***

I ról Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais mar sholáthraí seirbhíse do chomhlachtaí earnála poiblí éagsúla, tá cosaint ilsrathach i bhfeidhm ag an Oifig i leith na cibearshlándála agus maidir le córais, bonneagair agus seirbhísí TFC a chosaint.

Tá deimhniúchán ISO 27001 bainte amach ag an Oifig trí Certification Europe, comhlacht deimhniúcháin a bhfuil creidiúnú idirnáisiúnta aige. Cuireann an córas bainistíochta slándála faisnéise sin creat ginearálta rialachais ar fáil don tslándáil faisnéise agus leagann sé amach beartais, cuspóirí, maoirseacht bainistíochta, cleachtais agus rialachas a bhaineann le slándáil agus cinntíonn sé feabhas leanúnach na bainistíochta slándála faisnéise.

Baintear straitéis slándála na hOifige, is é sin cosaint ilsrathach, amach trí dhaoine, próisis agus teicneolaíocht a úsáid chun tacú le cur i bhfeidhm seirbhísí slándála TFC.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a mbíonn an Oifig nochta dóibh agus bíonn a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Áirithíonn an Oifig go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus conarthaí á mbronnadh agus go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Sholáthair an Oifig sonraí ar chúig chonradh neamhiomaíocha ach chomhlíontacha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40 de 2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe. Chomhlíon an Oifig na nósanna imeachta cuí náisiúnta agus AE.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe lena sonraítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a dhéanann na príomhrioscaí i gcoinne na Roinne a shainaithint agus rinneadh na príomhrioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta na rioscaí ardleibhéil atá os comhair na Roinne a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé an fhreagracht as feidhmiú rialuithe a oibriú a shanntar ar bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil.

Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2024 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**David Moloney**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

11 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

## Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais
## Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Lunasa 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar leanúint)**

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Seirbhísí TFC an Rialtais | 52,993 | 50,030 | 44,534 |
| **Ollchaiteachas** | | **52,993** | **50,030** | **44,534** |
| *Asbhain* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **205** | **237** | **298** |
| **Glanchaiteachas** | | **52,788** | **49,793** | **44,236** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar leithreasaí iomlána nó cuid díobh nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain dár gcionn (féach nóta 6.3).

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 2,994,612 | 952,989 |
| Géilleadh iarchurtha | (900,000) | — |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,094,612** | **952,989** |

**David Moloney**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

11 Márta 2025

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 41,244 | 36,544 |
| Pá | | 7,325 | 6,438 |
| Neamhphá | | 1,461 | 1,552 |
| **Ollchaiteachas** | | **50,030** | **44,534** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **237** | **298** |
| **Glanchaiteachas** | | **49,793** | **44,236** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin , fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (5,557) | | |
| Dímheas | 4,222 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (11,978) | | |
| Amúchadh | 307 | | |
| | | (13,006) | (10,225) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i réamhíocaíochtaí | (171) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 159 | | |
| | | (12) | 776 |
| **Caiteachas díreach** | | **36,775** | **34,787** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | (11,198) | (8,217) |
| **Glanchostas an chláir** | | **25,577** | **26,570** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Cuimsítear na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 43 a iompraíodh in áit eile i gcomhdhéanamh mhéid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 513 | 613 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 35 | 33 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 996 | 977 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,014 | 738 |
| Costas seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do vótaí eile | | (13,756) | (10,578) |
| | | **(11,198)** | **(8,217)** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin , fearas agus trealamh | 2.1 | 17,458 | 16,123 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 27,973 | 15,759 |
| | | **45,431** | **31,882** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 1,027 | 906 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 2,914 | 2,743 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 1,275 | 222 |
| | | **5,216** | **3,871** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 806 | 647 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 1,068 | 603 |
| Glanmhaoiniú an Státchiste | 2.7 | 1,234 | 525 |
| | | **3,108** | **1,775** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,108** | **2,096** |
| **Glansócmhainní** | | **47,539** | **33,978** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.8 | **47,539** | **33,978** |

## 2.1 Réadmhaoin , fearas agus trealamh

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 31,905 | 17 | 31,922 |
| Breiseanna | 5,557 | — | 5,557 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 37,462 | 17 | 37,479 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 15,782 | 17 | 15,799 |
| Dímheas don bhliain | 4,222 | — | 4,222 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 20,004 | 17 | 20,021 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **17,458** | **—** | **17,458** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 16,123 | — | 16,123 |

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 1,401 | 15,222 | 16,623 |
| Breiseanna | — | 11,978 | 11,978 |
| Coigeartú [a] | 548 | — | 548 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 1,949 | 27,200 | 29,149 |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 864 | — | 864 |
| Amúchadh don bhliain | 307 | — | 307 |
| Coigeartú [a] | 5 | — | 5 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 1,176 | — | 1,176 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **773** | **27,200** | **27,973** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 537 | 15,222 | 15,759 |

Nóta [a] Baineann an coigeartú leis an gCóras um Idirnascadh Chláir na hÚinéireachta Tairbhiúla (BORIS) a d'fhorbair Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ach ar íoc an Roinn Airgeadais as. D'aithin an Roinn sin an tsócmhainn sin ar dtús in 2023, ach toisc go bhfuil an córas á bhainistiú agus á rialú ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, aistríodh an tsócmhainn chuig an Oifig sin le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí TF | 460 | 667 |
| Ceadúnais | 1,456 | 1,837 |
| Cothabháil bogearraí | 903 | 206 |
| Seirbhísí teileachumarsáide | 95 | 33 |
| | **2,914** | **2,743** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Líonraí Rialtais | 1,033 | 172 |
| Seirbhísí gníomhaireachta | 10 | 10 |
| Féichiúnaithe párolla | 180 | — |
| Cuntais fionraí dochair eile | 8 | 6 |
| Forchúiteamh daoine ar iasacht | 44 | 34 |
| | **1,275** | **222** |

## 2.5 Speansais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhrú párolla | 249 | — |
| Fabhrú saoire | 324 | — |
| Costais TF | 227 | 606 |
| Seirbhísí teileachumarsáide | 4 | 23 |
| Riarachán eile | 2 | 18 |
| | **806** | **647** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 121 | 110 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 74 | 61 |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla | 706 | 212 |
| Cáin bhreisluacha | 106 | 177 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 23 | 19 |
| | **1,030** | **579** |
| **Fionraí** | | |
| Cárta ceannacháin | 14 | 1 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 24 | 23 |
| | **38** | **24** |
| | **1,068** | **603** |

## 2.7 Glanmhaoiniú an Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 2,095 | 953 |
| Géilleadh iarchurtha | 900 | — |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (1,761) | (428) |
| **Glanmhaoiniú an Státchiste** | **1,234** | **525** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,027 | 906 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,275 | 222 |
| | **2,302** | **1,128** |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,030) | (579) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (38) | [24] |
| | (1,068) | (603) |
| | **1,234** | **525** |

## 2.8 Cuntas maoinithe an Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 33,978 | 24,529 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 52,788 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (900) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,095) | | |
| Glanvóta | | | 49,793 | 44,236 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | (11,198) | (8,217) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (25,577) | (26,570) |
| Coigeartú | 2.2 | | 543 | — |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **47,539** | **33,978** |

## 2.9 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **865** | **781** |

## 2.10 Tionchar na n-athruithe ar an mbeartas cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua de chuid an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar chomhardú maoinithe an Stáit.

| **Amhail an 31 Nollaig** | **2024**<br>**€000** |
|---|---|
| Fabhrú párolla [a] | (249) |
| Fabhrú saoire [a] | (324) |
| | **(573)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Áirítear caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos i gClár A chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | 2024 | | 2023 [a] |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá, pinsin agus liúntais | 7,768 | 7,325 | 6,438 |
| ii | Taisteal agus cothú | 70 | 73 | 59 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 87 | 63 | 70 |
| iv | Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach | 100 | 137 | 61 |
| v | Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF | 1,250 | 1,111 | 1,333 |
| vi | Speansais áitribh | 90 | 77 | 29 |
| | | **9,365** | **8,786** | **7,990** |

Nóta [a] Thug Cuntasaíocht an Rialtais na fo-cheannteidil caiteachais riaracháin cothrom le dáta in 2024. Cuireadh cúig fho-cheannteideal as feidhm, agus cruthaíodh ceithre fho-cheannteideal nua. Rinneadh anailís ar na figiúirí le haghaidh 2023 arís chun na fo-cheannteidil nua a léiriú.

### Seirbhísí TFC Rialtais Chlár A

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 7,768 | 7,325 | 6,438 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 1,597 | 1,461 | 1,552 |
| A.3 | Seirbhísí TFC an Rialtais | 29,628 | 28,149 | 32,044 |
| A.4 | Clár Téarnaimh agus Athléimneachta an AE | — | — | 4,500 |
| A.5 | Claochlú na Seirbhíse Poiblí | 14,000 | 13,095 | — |
| | | **52,993** | **50,030** | **44,534** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**A.3 Seirbhísí TFC an Rialtais**

*Soláthar sna meastacháin €29.6 milliún; toradh €28.1 milliún*

Tharla an coigilteas €1.5 milliún san fho-cheannteideal seo mar gheall ar mhoill a bhí le roinnt tionscadal (e.g. Seomraí Sonraí Fíorúla) agus mar gheall ar mhoill le híocaíochtaí a phróiseáil in R4 2024. Leis an gclár seo déantar foráil maidir le seachadadh agus forbairt réimse leathan seirbhísí TFC ar fud an Rialtais, lena n-áirítear an tsraith seirbhísí Tógáil le Roinnt (BTS).

**A.5 Claochlú na Seirbhíse Poiblí**

*Soláthar sna meastacháin €14.0 milliún; toradh €13.1 milliún*

Tugadh an coigilteas caipitil €900,000 anonn go dtí 2025. Tharla an coigilteas sa chlár seo mar gheall gur cuireadh moill ar dháta seolta an chláir. Déantar foráil sa chlár seo do sheirbhísí digiteacha atá dírithe ar an saoránach a sheachadadh faoin gclár Imeachtaí Saoil.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 188 | 222 | 191 |
| 2 | Ilghnéitheach | 17 | 15 | 107 |
| | | **205** | **237** | **298** |

# Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh na bliana | 108 | 100 |
| | **108** | **100** |

## 5.2 Pá

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 6,582 | 5,788 |
| Liúntais eile | 80 | 67 |
| Ragobair | 45 | 59 |
| ÁSPC an Fhostóra | 618 | 524 |
| **Pá iomlán** | **7,325** | **6,438** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair ba mhó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 12 | 1 | 14,216 | 13,596 |
| Ragobair | 16 | — | 7,894 | 6,895 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | — |

### 5.4 Bandaí pá d'fhostaithe na hoifige

Seo a leanas líon na bhfostaithe san Oifig a íocadh as Vóta 43, a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

| Bandaí Pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 64 | 53 |
| 60,000 | 69,999 | 11 | 14 |
| 70,000 | 79,999 | 9 | 8 |
| 80,000 | 89,999 | 9 | 5 |
| 90,000 | 99,999 | 4 | 8 |
| 100,000 | 109,999 | 6 | 1 |
| 110,000 | 119,999 | 1 | 3 |
| 120,000 | 129,999 | 4 | 1 |
| 130,000 | 139,999 | — | 1 |
| 140,000 | 149,999 | 1 | — |
| 190,000 | 199,999 | — | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | — |

### 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe freisin. Nochtar a leibhéal tuarastail sa Chuntas Leithreasa do Vóta 11.

### 5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Cuimsítear leis an gcuntas seo caiteachas i leith oifigeach amháin a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn don bhliain 2024 ar fad agus ar íoc an Oifig a thuarastal nó a tuarastal.

### 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2024 €** | **2023 €** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 13 | 4,313 | 11,383 |
| Pleananna téarnaimh atá i bhfeidhm | — | — | — |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain a bhunaithe | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|---|
| An Bord um Rialachas Sonraí | 2021 | 36 | 27 |

Bunaíodh an Bord um Rialachas Sonraí leis an Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí, 2019. Tá ról tábhachtach ag an mBord maidir le forálacha an Achta a chur i bhfeidhm.

Faoin reachtaíocht, tá cumhachtaí dlíthiúla agus oibleagáidí ag an mBord a shainítear go soiléir agus cuirfidh sé comhairle ar an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le

- ainmniú agus feidhmiú bunchlárlann (chun sonraí saoránach a choimeád)
- caighdeáin agus treoirlínte um bainistíocht sonraí a thabhairt isteach
- comhlíontacht comhlachtaí poiblí leis na caighdeáin agus treoirlínte thuasluaite a chur chun cinn agus tuairisciú uirthi
- cosc a chur ar chomhlachtaí earnála poiblí sonraí áirithe a bhailiú
- ordú a thabhairt do chomhlachtaí earnála poiblí sonraí a roinnt faoin Acht
- ainmniú agus feidhmiú bunchlárlann, agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaontuithe comhroinnte sonraí uile faoin Acht.

Is trí fho-cheannteideal an tuarastail a dhéantar luach saothair a íoc le baill incháilithe an Bhoird.

### 6.2 Seirbhísí TFC an Rialtais

Leis an bhfo-cheannteideal cláir seo déantar foráil maidir le seachadadh agus forbairt réimse leathan seirbhísí TFC ar fud an Rialtais, lena n-áirítear an tsraith seirbhísí Tógáil le Roinnt (BTS), agus a bhfuil achoimre orthu sa tábla thíos.

| **An Clár a chur ar fáil** | **2024 €000** |
|---|---|
| Deasc Bhainistithe BTS, Néal Príobháideach agus seirbhísí bonneagair eile do bhreis agus 10,000 úsáideoir ar fud 30 comhlacht seirbhíse poiblí i 40 suíomh | **12,745** |
| Feidhmchláir choiteanna BTS do bhreis agus 58,000 úsáideoir i 55+ comhlacht seirbhíse poiblí, gov.ie agus suíomhanna gréasáin eile do ranna agus do ghníomhaireachtaí Rialtais | **9,497** |
| Seirbhísí líonra rialtais do bhreis agus 160 comhlacht seirbhíse poiblí i 1,200 suíomh | **2,906** |
| Tionscadal Fiontraíochta na Seirbhíse Poiblí agus Réiteach Bainistíochta Punainne; Caighdeáin ISO | **1,697** |
| Seomraí Sonraí Fíorúla, an Bord um Rialachas Sonraí agus feidhmchláir Roinn-shonracha | **1,215** |

### 6.3 Géilleadh iarchurtha

Le géilleadh iarchurtha cuimsítear coigilteas €900,000 i gcaiteachas caipitiúil in 2024 san fho-cheannteideal seo a leanas a tugadh anonn go dtí 2025.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| A.5 Claochlú na Seirbhíse Poiblí | 900 | — |
| | **900** | **—** |